



**BÍ AG SÚ NA GRÉ-
INE ACH BÍ
CÚRAMACH!**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Leac uaigne i nGaeilge i gCeanada	2
Scéal grinn	3
Turas go barr an Domhain - II	4
“Peerless Jim Driscoll” - dornálaí	5
Bás nó Beatha	5
Conchubhair Ó Briain agus a chairde	6
Bás Bobby	7
Erwin Schrödinger - I	8
Rónán (dán)	8
Éacht nach bheag	9
Copper-faced Jack Scott	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Bunús na Gaeilge	11
Mo Phaidreacha; Maidin Chásca 2018 (dánta)	11
Corn an Domhain 2018	12

**An Rúis
2018**



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 5 EAGRÁN 3 BEALTAINÉ-MEITHEAMH 2018

BRIATHRA NÓ GNÍOMHARTHA?

Is fiú do gach Gaeilgeoir an *Tuarascáil ar Scéim Ghinearálta Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú 2017)* a d'fhoilsigh **Coiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán** le déanaí a léamh. Tá sé le fáil ina iomlán (265 lch) ar an idirlíon (gúgláil ainm an Choiste). Léiríonn sé go lom beacht an fhaillí a rinneadh don chéad teanga oifigiúil ó cuireadh deireadh le “*Cumas sa Ghaeilge*” mar riachtanas iontrála i bpost sa státseirbhís an 21 Samhain 1975. Briseadh na gealltanais agus na forálacha (**provisions**) a

tugadh ag an am faoi stádas agus faoi inrochtaineacht (**accessibility**) seirbhísí státseirbhíse trí Ghaeilge. Deir an Coiste “*tá sé soiléir nach bhfuil an stádas ceart á thabhairt don phríomhtheanga mar ba chóir faoi Bhunreacht na hÉireann. Sa saol mar atá...ní féidir leis an bpobal ...a gcearta a bhaint amach: príomhtheanga an Stáit a*



úsáid leis an tseirbhís phoiblí? Is uafásach an ráiteas seo ó pholaiteoirí na Poblachta 102 bhliain tar éis Éirí Amach na Cásca. Tá an Stát ag satailt ar chearta daonna Ghaeilgeoirí na tíre seo fad agus atá sé ag gaoltaireacht faoi chearta daonna do ghrúpaí/thíortha eile.

Dúirt Cathaoirleach an Choiste, Catherine Connolly T.D. gur cur chuige fadtéarmach amháin atá i ndrúacht bhille an Rialtais agus gur cur chuige iomlán easnamhach é seo i gcomhthéacs na géarchéime sa Ghaeilge agus sa Ghaeltacht faoi láthair. Dúirt sí go bhfuil gá idirghabháil láithreach agus réamhghníomhach a chuir i bhfeidhm, go gcaithfear an méid sin a bhaint amach laistigh de scála ama aitheanta agus go gcaithfear an idirghabháil agus na hamscálaí sin a leagan amach go soiléir san Acht nua.

Tá carn oibre déanta ag an gCoiste agus sraith de mholtaí maithe foilsithe acu. Cuireann siad os comhair an Rialtais (agus an phobail i gcoitinne) an drochríocht ina bhfuil an Ghaeilge faoi láthair sa Stát seo. An éistfidh an tAire agus an Rialtas leo nó an gcuirfear ar an méar fhada iad? Futhusan atá an chéad bheart eile fágtha, gníomh nó moilleadóireacht.

CEACHT BEAG GAEILGE: RÉIMHÍREANNA “DO” AGUS “SO”



Nuair a chuireann tú na réimhíreanna (prefixes) “do-”, “so-” agus “in-” roimh haidiacht bhriathartha (verbal noun) bíonn focal eile agat. Ciallaíonn “do-” roimh fhocal nach bhfuil tú in ann rud a dhéanamh nó go bhfuil sé an-deacair, ciallaíonn “so-” go bhfuil sé furasta rud a dhéanamh, agus ciallaíonn “in-” gur féidir rud a dhéanamh. Go minic baintear feidhm as an bhfocal le “so-” agus “in-” sa chomhthéacs céanna, mar comhchiallaigh

aistrithe (moved)...do-aistrithe (immovable) so-aistrithe (easily moved), inaistrithe (movable);
 ite (eaten)...do-ite (inedible), so-ite (easily eaten), inite (edible);
 ólta (drunken)...do-ólta (undrinkable), so-ólta (very drinkable), inólta (drinkable);
 briste (broken)...dobhriste (unbreakable), sobhriste (fragile), inbhriste (breakable);
 creidte (believed)...dochreidte (incredible), sochreidte (very credible), inchreidte (credible);
 déanta (done)...dodhéanta (impossible), sodhéanta (easily done), indéanta (possible);
 feicthe (seen)...dofheicthe (invisible), sofheicthe (easily seen, obvious), infheicthe (visible);
 léite (readable)...doléite (illegible), soléite (very readable), inléite (legible);
 roinnte (portioned)...doroinnte (indivisible), soroinnte (easily divisible), inroinnte (divisible);
 tuigthe (understood)...dothuigthe (unintelligible), sothuigthe (simple), intuigthe (intelligible);
 caite (worn)...dochaite (durable), sochaite (easily worn), inchaite (wearable)

LEAC UAIGHE i nGAEILGE i gCEANADA

Seán Ó hAodha

I ngiorracht do chathair Seattle i gCeanada tá Oileán Whidbey. Ar an oileán sin tá reilig. Sa reilig tá leac uaighe atá scríofa sa chló Gaelach! “*Fur Máire Barrot bás ann Ap. 9 A.D. 1861...*”. Conas a tharla sé sin? Seo daoibh an scéal.

Sa bhliain 1847, i rith an Ghorta Mhóir, d’fhág Samuel Meyler agus a dheartháir Tomás Contae Chorcaí agus chuaigh siad ar dtús go Meiriceá agus tar éis sin go Cúba. Tar éis sin chuaigh siad ag siúl trasna Panama agus ansin ó thuaidh go Ceanada. Faoi dheireadh lonnaigh siad ar Oileán Whidbey. Bhí an saol an-chrua sa cheantar sin. Ní raibh ann ach lonnaitheoirí (settlers), mianadóirí (miners) agus sirtheoirí (prospectors). D’eagraigh Samuel gnó dó féin mar ghabha gunnaí (gunsmith). Bhí clú agus cáil air sa cheantar. In onóir dó cuireadh an t-ainm **Meylor’s Point** ar an leithinis (peninsula) sin. Sa bhliain 1855 chuaigh Samuel ar ais go hÉirinn agus phós sé Máire Barrett as Aonach i dTiobraid Árann. D’fhilladar ar ais go Ceanada. Rugadh triúr mac don bheirt sin ach, faraor, fuair Máire bás le saolú an tríú páiste in 1861 ag 31 bhliain d’aois. D’fhill Samuel go hÉirinn lena pháistí agus D’eagraigh sé leac uaighe a dhealbhu agus a inscríobh i nGaeilge. Bhí turas uafásach cúig mhí aige timpeall Rinn an Choim (Cape Horn) i ngach treo. Thógadar an leac sa reilig. Tar éis sin phós Samuel Margaret, col ceathar Mháire, agus bhí cúigear páistí eile acu. Fuair Samuel bás sa bhliain 1896.



‘Sé John Keane an duine a rinne an taighde (research) ar an scéal thuas. D’fhág sé Éire i 1967 agus lonnaigh sé i Seattle. Sa bhliain 2009 roghnaíodh é mar Chonsal Oinigh (Honorary Consul) i Seattle. Sa bhliain 2013 chruinnigh John slua ceoltóirí Éireannacha ag an uaigh in ómós do theaghlach Meyler. Is féidir an cheolchoirm sin a fheiceáil ar **Youtube** ag <http://youtu.be/L5NFPHIfo-w> agus ar an suíomh www.irishclub.org, suíomh an **Seattle Irish Heritage Club**.

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Pádraig Mac Éil

Ba lá fuar geimhridh é. Shiúil an seanfhear amach ar an loch reoite chun iascaireacht a dhéanamh. Ghearr sé poll san oighear agus shuigh sé in aice leis. Chuir sé a channa baoite ar an oighear agus chuir sé péist ar an duán, lig sé a

dhorú titim san uisce agus d'fhan sé go foighneach le haiste ar an iasc. Bhí sé ansin ar feadh uaire gan broideadh amháin ó iasc. Ansin tháinig buachaill óg amach cóngarach dó agus ghearr seisean poll san oighear agus chaith sé a dhorú san uisce. Taobh istigh de chúpla nóiméad fuair sé broideadh, chrom an slat iascaireachta agus tharraing an malrach iasc mór as an bpoll. Níor chreid an seanfhear é ach dúirt sé leis féin gur sciorta den ádh a bhí ann. Ach chuir an buachaill a



dhorú ar ais san uisce agus in achar gearr bhí iasc mór eile tarraingthe as an bpoll aige. Lean sé ar aghaidh agus bhí carn éisc in aice an bhuachalla sula i bhfad. Ní raibh fiú salán gafa ag an seanfhondúir. Ní raibh sé in ann srian a choinneáil ar an bhfiosracht. Chuaigh sé sall don bhuachaill agus d'fhiafraigh sé de “A mhic ó, tá mé anseo beagnach dhá uair an chloig agus theip orm teacht ar aon iasc ach tá carn éisc agatsa tar éis cúig nóiméad déag. Conas ar éirigh leat nuair atá teipthe ormsa?” D’fhreagair an gasúr, “haah hee huu nuh bay hun ah ah hum add heh”. Tháinig mearbhall ar an bhfhear agus d’iarr sé ar an mbuachaill an freagra a athrá. Rinne an stócach amhlaidh ach ní raibh an seanfhear píos ní ba eolaí. “Ní féidir liom focal uait a thuiscint”, dúirt sé, “an eachtrannach tú?” Chaith an stócach amach ar a bhos agus dúirt sé go mall beacht de ghuth ard, “caithfidh tú na péisteanna a choimeád te!”

**Foclóirín**

geimhreadh - **winter**; reoite - **frozen**; iascaireacht - **fishing**;
a dhéanamh - **to do**; ghearr - **cut**; poll - **hole**; oighear - **ice**; shuigh - **sat**; in aice - **beside**; chuir - **put**;
canna - **can**; baoite - **bait**; péist - **worm**; duán - **fishing-hook**; lig - **let**; dorú - **fishing-line**;
titim - **fall**; d’fhan - **remained**; go foighneach - **patiently**; le haiste ar an iasc - **for the fish to bite**;
ar feadh uaire - **for an hour**; broideadh - **nibble**; buachaill - **boy**; cóngarach dó - **near to him**;
taobh istigh - **within**; nóiméad - **minute**; chrom - **bent**; slat iascaireachta - **fishing-rod**;
tharraing - **pulled**; malrach - **young boy**; chreid - **believed**; dúirt - **said**;
sciorta den ádh - **a stroke of good luck**; ar ais - **back**; achar gearr - **short space of time**;
lean - **continued**; ar aghaidh - **on**; carn - **heap**; in aice - **beside**; sula i bhfad - **before long**; fiú - **even**;
salán - **sprat**; gafa - **caught**; seanfhondúir - **old-timer**; in ann - **able**; srian - **curb**;
a choinneáil - **to keep**; fiosracht - **curiosity**; chuaigh - **went**; sall - **over**;
d’fhiafraigh sé de - **he asked him**; a mhic ó - **my lad!**; beagnach - **almost**; theip orm - **I failed**;
teacht ar - **obtain**; conas - **how**; ar éirigh leat - **did you succeed**; teipthe - **failed**;
d’fhreagair - **answered**; gasúr - **lad**; tháinig mearbhall air - **he was bewildered**; d’iarr - **asked**;
athrá - **repeat**; rinne - **did**; stócach - **young lad**; amhlaidh - **accordingly**; ní raibh - **was not**;
pióc níos eolaí - **any the wiser**; ní féidir liom - **I cannot**; focal - **word**; thuiscint - **to understand**;
eachtrannach - **foreigner**; chaith...amach - **spat out**; bos - **palm (of hand)**; go mall - **slowly**;
beacht - **precisely**; de ghuth ard - **loudly**; caithfidh tú - **you have to**; a choimeád - **to keep**; te - **warm**;

TURAS GO BARR AN DOMHAIN - II

Antóin Ó Seaghda

Bhíos ag súil le bheith ag tiomáint in Katmandu, ach cuireadh deireadh leis sin nuair dúirt fear áitiúil liom go raibh rialacha an bhóthair an-difriúil i Neipeal le Baile Átha Cliath. Riail amháin, bíonn an ceart slí ([right of way](#)) i gcónaí ag an mbó agus má bhuaileann tú ceann, beidh tú i go leor trioblóide agus os comhair na cúirte. Níl mórán soilse tráchta sa chathair agus de ghnáth, nuair a tharlaíonn timpiste, bíonn an ceart ([in the right](#)) ag an bhfear áitiúil. Mar sin, thug mé an post mar thiománaí d'fhear áitiúil.

Ar ais go dtí an gnáth saol ar feadh nóiméad. Lá amháin bhí mé ag caint le comhghleacaí, a bhí ag míniú cén fáth go raibh sé déanach don obair. Dúirt sé go raibh sé ag bainis agus go raibh sé ar siúl go dtí a ceathair a chlog ar maidin. Dúirt mé leis go bhféadfadh go leor searmanas bainise in Éirinn dul ar aghaidh go dtí 4am chomh maith. Mhínigh sé, áfach, go raibh an searmanas sin ar siúl ag an uair sin mar thug an creideamh agus na réaltaí thuas sa spéir le fios gur chóir an bhainis a bheith ar siúl ag an am sin.

Is cuimhin liom lá amháin, nuair a bhíos amuigh faoin tuath, tháinig scata páistí áitiúla chugam agus bhí siad ag breith greama ar chraiceann mo lámh, chun a fháil amach ar “dhuine daonna” ([human being](#)) mé, mar nach bhfaca siad duine geal riamh, (níl an teilifís i ngach áit fós, buíochas le Dia). Nuair a dúirt mé go rabhas as Ciarraí, rith siad abhaile go tapa!!! Is dócha go bhfuil siad ag caint fós faoin ‘imeacht idir cleith agus ursain’ ([narrow escape](#)) a bhí acu.




Droichead an Chairdis

Lá eile, chuaigh mé agus cúpla cara ó Neipeal ar thuras go teorainn na Tibéide ([Tibet](#)), mar chuala mé go leor faoin Dalaí Láma agus faoin trioblóid a bhí agus atá ag an Tibéid leis an tSín ó na caogaidí (1950s) ar aghaidh. Tá droichead ar an teorainn idir Neipeal agus an Tibéid darbh ainm Droichead an Chairdis ([Friendship Bridge](#)), ach níl sé chomh cairdiúil sin. Bhí saighdiúirí ón tSín ar an droichead agus d'fhiafraigh mé díobh, “An bhfuil cead agam dul thar an teorainn isteach go dtí an Tibéid ar feadh cúpla nóiméad”. Bhíodar ar buile ag caint liom agus dúradar nach raibh aon chead agam. Ar aon nós, tharla rud éigin cúpla céad slat ón droichead agus bhí ar na saighdiúirí dul go dtí an áit sin. “Seo mo dheis”, a dúirt mé le mo chairde agus chuaigh mé thar an droichead isteach sa Tibéid. Bhí mo chairde ar buile liom mar bhí fhios acu go mbeadh mé i dtrioblóid dá dtiocfadh na saighdiúirí ar ais. Ar aon nós, cheannaigh mé cúpla cuimhneachán ón Tibéid. Bhí na saighdiúirí ag teacht ar ais, agus bhí orm teacht ar ais thar an droichead go Neipeal, ach cad a tharla, ach nár stop saighdiúirí Neipeal mé, mar nach raibh pas agam chun teacht ón Tibéid go Neipeal. Sin scéal eile, do lá eile: na trioblóidí a bhíonn ag Ciarraíoch agus é thar saíle!



Cearnóg Durbar



Swayambhunath

Le linn mo oibre, d'fhan mé i dteach lóistín agus bhí dreapadóirí agus siúlóirí ag teacht agus ag imeacht gach lá. Bhí scéalta agus comhrá ar siúl gach oíche agus craic mhaith thar roinnt deochanna. Na háiteanna a fheiceáil in Katmandu ná Cearnóg Durbar, ceantar Thamel, Sráid Freak (cuimhnigh ar na seascaidí), Teampall Syayambhunath nó Teampall na Moncaithe ([Monkey temple](#)). Tá siad go hálainn agus tá go leor áiteanna eile lena chois.



Thug na daoine ó Katmandu, bronntanas an-deas dom a bhí déanta ag gabha-airgid áitiúil agus scian Kukris ([Gurkha knife](#)). Mar is gnáth bhí cóisir céad slán an-mhaith againn freisin. Tá súil agam go mbeidh mé in ann dul ar ais lá éigin chun an tír álainn d'fheiscint arís. “*Namaste (ag lútáil daoibh)*” anois’.



Namaste



“PEERLESS JIM DRISCOLL” - DORNÁLAÍ *Seán Ó hAodha*

Tar éis an Ghorta Mhóir bhí na sluaite daoine ag fágáil Éireann do thíortha ar fud an domhain. Chuaigh cuid acu go dtí An Bhreatain Bheag theas. Lonnaigh go leor díobh in aice chathair Caerdydd/[Cardiff](#) chun obair a fháil sna monarchana agus sna mianaigh ([mines](#)). I measc an dreama sin bhí Teaghlach Driscoll. Bhí an t-ainm Y Drenewydd/[Newtown](#) ar an áit ina raibh na hÉireannaigh. Ar dtús níor mhaith leis na Breatnaigh na daoine as “[Little Ireland](#) “. Bhí siad bocht, labhair siad teanga ait, agus chuaigh siad don Eaglais Chaitliceach. Uaireanta bhristí troid amach idir na Breatnaigh agus na hÉireannaigh. Mar shampla bhí fiche cীরেб ([riots](#)) idir an dá chultúr idir 1826 agus 1882. Tarlaíonn sé sin fós idir inimircigh agus na dúchasaigh ([natives](#)) ar fud an domhain!


Rugadh James Driscoll an 15 Nollaig 1880. Fuair a athair bás i dtimpiste nuair a bhí Séamus seacht mí d’aois. Bhí ar a mháthair ceathrar páistí a oiliúint agus bhí saol an-chrua aici. Fuair Séamus obair mar phrintiseach chlódóireachta . Ag an am céanna thosaigh sé ag dornálaíocht mar spórt dó féin. Ghlac sé páirt sna troideanna i bpáirceanna aonaigh chun airgead a shaothrú agus taithí a fháil. Throid sé i sé chéad babhta mar sin.

Sa bhliain 1901 thiontaigh sé mar dhornálaí ceardúil ([professional](#)). Chuaigh sé go Londain agus tar éis tamaill d’éirigh sé iomráiteach sa chathair mhór. Bhuaigh sé Crios Lonsdale i 1910. Ba é curadh cleitmheáchain ([featherweight champion](#)) na Breataine agus an Chomhlathais ([Commonwealth](#)) ó 1908 go 1915.



Bheartaigh sé dul go dtí na Stáit Aontaithe mar dhúshlán dó féin. Bhí stíl éagsúil ag na dornálaithe anseo a thaitin le muintir Mheiriceá. Ba mhaith leo féachaint ar bheirt dhornálaithe ag bualadh a chéile go trom. Bhí stíl chliste dhifriúil ag Séamus. Bhí sé an-rathúil agus bhí an bua aige go minic. Bhí seans aige troid ar son Chraobh an Domhain ach d’fhill sé ar ais go dtí An Bhreatain chun troid i mbabhta carthanais chun airgead a thiomsú ar son dílleachtlainne ([orphanage](#)) lena raibh sé cairdiúil in Caerdydd.

Sa Chéad Chogadh Domhanda bhí sé mar theagascóir traenála in Arm na Breataine. Fuair sé bás 30 Eanáir 1925 ag aois daichead is a cúig. Bhí a shochraid cosúil le hócáid stáit. Bhí céad míle duine ar dhá thaobh na sráideanna. Tá na daoine sa Bhreatain Bheag an-bhródúil as Séamus. Cé go raibh a thuismitheoirí as Éirinn oileadh é sa Bhreatain Bheag. Sa bhliain 1997 nochtadh dealbh in ómós dó i gcathair Caerdydd.



Bás nó Beatha

Doircheacht na doimhne anseo i mo thimpeall
Cloisim an glór – is é caint na ndaoine
Ag plé mo bheatha-sa nó mo bháis
A Dhia, níl meas acu ar chách.

Daoine truailithe sibhse mo náire!
Cheap mé go raibh sibh agam mar chairde
Ach cloisim anois an chaint, an fhírinne
Fírinne uafásach, mo bhás dá ríomhadh.

Saoraigh ón doimhneacht seo mé go tapa
Lig dom anáil bhreá úr a tharraingt
Ná lig dóibh truailiú a dhéanamh ar m’anam
Fan taobh liom a Dhia is i gcónaí déan faire!

Seo chugam neart is seas im aice
Cuir solas na fírinne isteach ina n-aighe
In aighe ne beirte a chruthaigh mé eatarthu
Is b’fhéidir ag deireadh ag bhfeicfead an bheatha

CONCHUBHAIR Ó BRIAIN AGUS A CHAIRDE

Nóel Ó Cléirigh

Rugadh Conchubhair Ó Briain sa bhliain 1880. Ba mhac é le hÉamonn Ó Briain agus garmhac le William Smith O'Brien, Éireannach Óg, duine de cheannairí Éirí Amach 1848. Bhí an chlann go maith as agus fuair Conchubhair a chuid oideachais i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath agus i Sasana. Bhain sé cáilíocht amach san ailtireacht. Bhí teach ag Muintir Uí Bhriain ar Oileán Fainge in Inbhear na Sionainne agus d'fhoghlaim sé faoi chúrsaí bádóireachta agus seoltóireachta sa cheantar sin agus i nDoire Fhionáin i gContae Chiarraí chomh maith mar a chaitheadh sé a chuid saoire.



Thosaigh sé ag glacadh páirte in Óglaigh na hÉireann agus bhí sé ina cheannaire ar bhainse áitiúil. Bhí an-spéis aige i gConradh na Gaeilge agus bhí eolas maith aige ar an nGaeilge. Ag siúl thart dó i bhFaing labhróidh sé Gaeilge le duine ar bith a chastí air a raibh sí aige. Bhí an oiread suime aige sa Ghaeilge gur bhailigh sé ainmneacha Gaeilge na n-éisc i gCiarraí. Col ceathrar dó ba í Máire Spring-Rice. Bhí Máire agus a col ceathrar Neilí Ní Bhriain an-ghnóthach in athbheochan na Gaeilge agus bhíodar beirt an-chairdiúil le Dubhghlas de hÍde. D'fhreastail Neilí ar an gcéad Oireachtas den Chonradh in 1897 agus bhunaigh sí Craobh na gCúig gCúigí. Bhí Máire ina ball den Chonradh chomh maith agus d'eagraigh sí feiseanna cois Sionainne agus ranganna Gaeilge sna bunscoileanna máguaird. Chabhraigh sí le Neilí nuair a bhunaigh sise Coláiste Eoghain Uí Chomhraí i gCarraig an Chabhaltaigh i gContae an Chláir.

Sár-seoltóir ba í Máire agus bhí sí ar chriú an *Asgard* a sheol airm agus armlón isteach go calafort Bhinn Éadair i 1914. Bhí a bhád féin, an *Kelpie*, ag Ó Briain. D'fhág sé Faing ar an Luan 29 Meitheamh 1914. Bhí a dheirfiúr Cáit leis chomh maith le Diarmaid Ó Cofaigh, Seirse Ó Cathail agus Tomás Mac Síomóin. Shroicheadar Cowes ar an Aoine 3



Iúil agus shroich an *Asgard* Cowes oíche Chéadaoin na seachtaine ina dhiaidh sin nuair a bhuaill an dá chriú le chéile. Maidin lá arna mhárach chuaigh cuid acu i dtír ansin agus bhí maidin chaife acu in Óstán *An Royal Marine*. Nochtaigh Erskine Childers an pleán a bhí aige chun bualadh le tuga na n-arm.

D'fhág an *Kelpie* agus an *Asgard* Cowes is sheoladar trí Chaolais Dover. Sa tráthnóna bhí an *Kelpie* amach ó chósta na Beilge agus thart ar leath uair tar éis a cúig chonacthas tuga ag teacht tríd an cheo. Bheannaigh Ó Briain i mBéarla d'fhear a bhí ar deic agus fuair sé freagra i nGaeilge ó Darrell Figgis. Ansin baineadh fuinneog dín an chábáin agus cuireadh an troscán amach ar deic. Baineadh an t-urlár agus caitheadh na málaí ballasta thar bord. Tógadh ar bord na pacáistí gunnaí - deich gcinn le chéile le tuí agus málaí thart orthu agus an t-armlón – boscaí le 1,000 urchar an ceann. Críochnaíodh an obair ag a hocht a chlog agus ansin chaith criú an *Kelpie* na téada ón tuga agus thug a n-aghaidh siar leis an sruth. Ní raibh na téada ach caite uathu nuair chonaic siad an *Asgard* ag teacht chun a lucht féin a thabhairt ar bord.

Socraíodh roimh ré go n-aistreadh an *Kelpie* a cuid gunnaí agus armlón do bhád eile agus go dtiocfadh an *Kelpie* i dtír in Éirinn agus í folamh chun dallamullóg a chur ar na húdaráis. Bhí an *Chotah*, bád a bhí ag Tomás Myles, máinlia as Baile Átha Cliath le casadh leis an *Kelpie* fiche míle siar ó Oileán Bardsey i gCuan Cardigan amach ó chósta na Breataine Bige. Shroich siad St Trudwell agus bhí an *Chotah* ann rompu agus í ar ancaire. Aistríodh na hairm go dtí an *Chotah* a tháinig i dtír leo i gCill Chomhghaill, Contae Chill Mhantáin. As go bráth leis an *Kelpie* gur shroich sí a ceann scríbe i gCuan Dhoire Fhionáin i gCo Chiarraí.

B'iad na hairm a bhí ar bord an *Asgard*, an *Kelpie* agus an *Chotah* a tháinig i dtír i mBinn Éadair agus i gCill Chomhghaill a chabhraigh go mór le hÉirí Amach na Cásca 1916 agus le Cogadh na Saoirse ina dhiaidh sin.

BÁS BOBBY

Pádraig Mac Éil

Caoga bliain ó shin, go gairid tar éis mean oíche, an 5 Meitheamh 1968, éag-goineadh (**mortally wounded**) Seanadóir Robert Kennedy in óstlann *Ambassador* in Los Angeles, California. Bhí sé 42 bhliain d'aois ag an am.




Drochbhliain ó thaobh corraíl shibhialta (**civil unrest**) de bharr reachtaíochta cearta sibhialta agus an cur in aghaidh an chogaidh i Vítneam ab ea 1968 i Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM). Ball den Pháirtí Daonlathach dála Kennedy ab ea Uachtarán Lyndon B Johnson ach nuair a d'éirigh go maith le Eugene McCarthy, daonlathach eile, i dtoghchán tosaigh (**primary election**) New Hampshire i gcoinne Johnson (42% v 49%) d'fhógair Kennedy cúpla lá ina dhiaidh sin, 16 Márta, go mbeidh seisean ag lorg an ainmniúcháin (**nomination**) don Uachtaránacht ón bPáirtí Daonlathach. Coicís ina dhiaidh sin tharraing Johnson siar ón gcomórtas. Feallmharaíodh Martin Luther King Jr 4 Aibreán. Chuir Leasuachtarán Hubert Humphrey a ainm ar aghaidh i Márta agus cé nár thóg sé páirt sna toghcháin tosaigh fuair sé tacaíocht ón a lán toscarí (**delegates**).

Bhuaigh Kennedy na comórtais in California agus in South Dakota agus bhí sé sa dara háit ansin le 393 toscaire i gcoinne 561 do Humphrey agus 258 do McCarthy. Labhair Kennedy lena lucht tacaíochta agus leis na hiriseoirí an oíche sin in óstlann *Ambassador* in Los Angeles. D'fhág sé an póidiam agus bhí sé ag fágáil na háite trí dhorchla (**corridor**) cistine nuair a scaoil Sirhan Sirhan leis arís agus arís lena ghunnán (**revolver**) 0.22 calabra *Iver Johnson Cadet* Bhuail trí urchar Kennedy, ceann amháin laistiar a chluas dheas. Goineadh cúigear leis na hurchair eile. Chuaigh Kennedy faoi scian in Ospidéal *Good Samaritan* ach fuair sé bás 26 huaire tar éis an lámhaigh. Tógadh a chorp ar ais go Nua Eabhrac agus ina dhiaidh sin cuireadh é i Reilig Arlington, Virginia, in aice a dhearthár John.



B'imirceach Palaistíneach agus saoránach Iordánach a rugadh in Iarúsailéim do theaghlach Chríostaí é Sirhan Sirhan, 24 bhliain d'aois. Thángthas ar dhialann ina árasán inar scríobh sé ar 19 Bealtaine go gcaithfí Robert Kennedy bheith feallmharaíthe roimh 5 Meitheamh. B'shin díreach bliain amháin ó thosú Chogadh na Sé Lá idir Iosrael agus na hArabaigh. Tacaigh Kennedy le hIosrael ón am a thug sé cuairt ar an gceantar i 1948. Ciontaíodh Sirhan Sirhan i 1969 i gcion an fheallmharfa agus daoradh chun báis é. Laghdaíodh an breithiúnas báis do phríosúnacht saoil le deis do pharúl (**parole**) i 1972 toisc gur cuireadh deireadh le pionós an bháis (**death penalty**) in California. Diúltaíodh parúl dó 15 uair go nuige seo. Beidh deis eile aige i 2020. D'admhaigh sé go raibh sé ciontach roimh a thriail (cé nár ghlac an breitheamh leis). Anois deir sé *nach* bhfuil sé in ann cuimhneamh ar an lámhach féin. Ach féach ar an agallamh a rinne sé le David Frost i 1989 [<https://www.youtube.com/watch?v=qZpLxcplJuI>] agus ansin chinn ar do chomhairle féin (**make up your own mind**). Mar is gnáth tá teoiricí comhcheilge (**conspiracy theories**) éagsúla faoin bhfeallmharú le fáil ar an idirlíon freisin.



Tá malairt staire (**alternative history**) i bhfaisean faoi láthair. Cén tionchar a bhí ag dúnmharú Robert Kennedy ar stair SAM agus ar stair an domhain? An raibh deis aige bua ar Hubert Humphrey chun go mbeadh sé ina iarrthóir don Pháirtí Daonlathach don Uachtaránacht? Ní raibh toghcháin tosaigh ach i 13 Stát agus mar sin bhí tromlach na toscarí in ann a vóta a thabhairt don iarrthóir ab ansa leo féin. An mbuafadh sé ar Richard Nixon (an t-iarrthóir Poblachtach a bhuaigh an toghchán uachtaránachta)? Cad faoin gcogadh i Vítneam, an *détente* leis an tSín nó Scannal Watergate? Ní bheidh fhios againn choíche!

ERWIN SCHRÖDINGER (1887 - 1961) - I

Seán Ó Fearghail

Rugadh Erwin Schrödinger i Vín na hOstaire, 12 Lúnasa 1887, do theaghlach Liútarach cé gur aindiachaí é féin a chreid gurbh fhéidir teacht ar mhíniú ar an gCruinne trí modhanna na hEolaíochta.

A Chuid Oibre

Tar éis 1913 ba léir nach míneodh na teoiricí a bhí ag na fisiceoirí (tugtar “teoiricí clasaiceacha” orthu anois) feidhmiú an adaimh ná na gcáithníní fo-adamhacha (**sub-atomic particles**) - an leictreon, an prótón, agus an neodrón – ná an t-idirghníomhú eatarthu. Agus níos measa fós, ba chosúil gur chóir iad a ghlacadh amhail gur thonnta (**waves**) iad in ionad cáithníní. Sa bhliain 1926 tháinig triúr a bhí ag obair go hiomlán neamhspleách óna chéile ar réiteach. In Göttingen d’fhoilsigh Werner Heisenberg leagan amháin a dtugtar Meicnic Mhaitriseach (**Matrix Mechanics**) air. In Zürich bhí Schrödinger ag forbairt modhanna a dtugtar Meicnic Chandamach (**Quantum Mechanics**) no Tonnmeicnic (**wave mechanics**) orthu, bunaithe ar Chothromóid (**equation**) Schrödinger. Díreach an t-am céanna in Cambridge scríobh Paul Dirac a leagan féin. Bhíothas in ann modh Schrödinger a úsáid chun iompraíocht (**behaviour**) an adaimh agus na gcáithníní a thuar (**predict**). Ach bhí modhanna Heisenberg agus Dirac neamhphraiticiúil agus ní úsáideann fisiceoirí iad chun fadhbanna a réiteach.



Bhunaigh Schrödinger a chothromóid ar obair William Rowan Hamilton, an matamaiticeoir Éireannach, a bhí ina Ollamh Réalteolaíochta i gColáiste na Tríonóide, 1827 – 1865. Rinne Hamilton athfhoirmiú ar Dlíthe Gluaisne Newton (**Newton’s Laws of Motion**) a bhí bunaithe ar an bhfuinneamh agus ar an móiminteam laistigh de chóras.

$$i\hbar \frac{\partial}{\partial t} \Psi(\mathbf{r}, t) = \left[\frac{-\hbar^2}{2\mu} \nabla^2 + V(\mathbf{r}, t) \right] \Psi(\mathbf{r}, t)$$

Cothromóid Schrödinger

Leis an obair sin leag Schrödinger an bhunchloch le haghaidh na fisice nua agus le han-chuid na teicneolaíochta atá againn an lá atá inniu ann. De bharr a chuid oibre táimid in ann na sliseanna (**chips**) i ngach aon ríomhaire agus fón a dhearadh, an teoiric a bhaineann le scanóirí (**scanners**) a fhorbairt, agus na próisis istigh i réalta a thuiscint. Bíonn an mhatamaitic an-chasta, agus uaireanta bíonn sí do-dhéanta, áfach. Bíonn díospóireachtaí ann i gcónaí faoin mhíniú laistiar dá mhodhanna, agus ceapann an-chuid eolaithe agus fealsúna go bhfuil siad thar chumas intinne (**mind**) agus inchinne (**brain**) an duine iad a thuiscint.

Gan modhanna Schrödinger bheadh saol iomlán difriúil againn inniu. Cuireann a obair teorann ar an méid agus ar chruinneas an eolais is féidir a bheith againn ar an domhain. Sa bhliain 1933 fuair sé féin agus Paul Dirac an Duais Nobel i bhFisic.

Rónán

Leanbh fir a tháinig ar an saol i Subiaco
Cathair na n-ealaí dubha
Amy a mháthair bródúil, naoínán cíche aici anois
Bois cois cosúil leis an athair Shane

Anois guím gach sonas agus rath air
Is saol fada chuige, gile na gile,
Is cuirim fáilte fhial chroíúil roimhe
A stóirín mo chroí-se.

Is é ag dul in aois is in aigne
Go mbeadh tréithe na Féinne ag an leanbh seo,
Go mbeadh taisce is crógacht aige, muinín is dóchas...
Is go gcuimhneodh sé go deo a mhuintir ar an dá thaobh
Móide oidhreacht is stair a shinsir.

Noel Ó Cléirigh

(Dá chéad gharmhac a rugadh in
Perth, An Astráil)



ÉACHT NACH BEAG

Úna Walsh

Rugadh Mick Meaney i mBéal Átha Póirín i gContae Thiobraid Árann. Ba laoch é, fear mór láidir. Bhí fonn mór air bheith ina dhornálaí cáiliúil ach faraor bhí timpiste aige ag obair agus ghortaigh sé a lámh.

Mar sin chuardaigh sé dúshlán eile. Shocraigh sé ar a ainm a chur isteach sa leabhar “*Curiarrachtaí Domhanda Guinness*” – dhéanfadh sé iarracht bheith curtha i gcré agus é beo! Bhí an churiarracht roimhe sin ag Digger O’Dell agus chaith eisean 45 lá curtha i gcré.

Bhí an plean céanna ag Bill White in Texas agus mar sin bhí coimhlint eatarthu. Cuireadh i gcré iad ar an 21 Feabhra 1968, Mick in Kilburn agus Bill i Meiriceá. Níor inis Mick an plean dá bhean chéile agus d’fhoghlaim sí an nuacht ón raidió! Ar an dea-uair, ní raibh iontas nó fearg uirthi.

Bhí dhá phiopa ag teacht as cónra Mick, ceann do bhia agus ceann eile do chomhrá agus d’aer. Gach maidin, dhúisigh sé ar a seacht a chlog, rinne sé aclaíocht agus fuair sé a bhricefaasta agus an nuachtán trí cheann de na píopaí. Chaith sé a lán ama ag léamh nuachtán nó leabhar agus ag caint le daoine trí phiopa. Chaith Bill 55 lá i gcré ach d’fhán Mick sé lá eile. Tharraing an iarracht sin clú idirnáisiúnta ar Bill ach is mór an trua nach geuimhníonn a lán daoine air anois. Tá sé beartaithe leacht cuimhneacháin a thógáil do Mick Meaney i gCo. Corcaí go luath.



COPPER-FACED JACK SCOTT

Pádraig Mac Éil

Ar siúlóid na hAoine le déanaí tháingamar go Sráid Fhearchair agus chuir duine ceist faoi shuíomh an chlub oíche, *Copper Face Jacks*. Ba spreagadh sin dom taighde a dhéanamh faoin áit don iris. Tháinig mé ar alt i leabhar, *Hidden Dublin* le Frank Hopkins faoi “Copper-Faced Jack” Scott, Iarla Chluain Meala a chónaigh i 17 Sráid Fhearchair. Rugadh é i gCo Thiobraid Árann i 1739. Fuair sé a oideachas i gCluain Meala agus i 1756 d’fhreastail sé ar Coláiste na Tríonóide agus ní ba dhéanaí ar An Teampall Lár (*Middle Temple*). Tugadh an leasainm “copper-faced Jack” air ag an am sin de dheasca a shoibealtachta mínairí (*unashamed effrontery*) agus a chraiceann síondaite (*brown*). Glaodh é chun Bharra na hÉireann i 1765. Le linn a shaoil chorráigh (*chequered career*) bhí sé ina Theachta Parlaiminte do Mhuileann gCearr (1769), ina Aturnae Ginearálta (*solicitor general*; 1774), ina Ard-Aighne (*attorney-general*; 1777), ina “Sháirsint príomha” (*prime serjeant*; 1777), ina Thiarna Príomh-Bhreitheamh (1793) agus ina chéad Tiarna Chluain Meala.




Chuir sé John Magee, úinéir an “*Dublin Evening Post*” i bpríosún toisc gur mhaslaigh sé cara leis, Francis “*Sham Squire*” Higgins. Gheall Magee go mbainfeadh sé cúiteamh as agus nuair a scaoileadh saor é cheannaigh sé píosa talún in aice tí fobhalla (*villa*) Scott, *Temple Hill*, i Rinn na Mara, Co. Átha Cliath. Ansin d’eagraigh sé “laethanta de siamsaí móra” do muintir na cathrach. Bhí cuailí dreapadóireachta (*climbing*), rásaí saic, asail ghléasta in éadaí, madraí ag damhsa, agus araile. Mar dheireadh leis an lá scaoileadh muca sleamhna i dtreo teach Scott agus lean an slua ar a dtóir mar bhí cead ag aon duine a ghabh ar cheann acu é a choimeád. Scríos siad gairdíní, sceacha, agus bláthanna Scott! B’fhéidir go bhfuil baint éigin leis an raic, an ruaille buaille agus an craic (deirtear liom) sin a mbíonn ar siúl sa chlub oíche *Copper Face Jacks* sa lá atá inniu ann.

Fear coimpléasc ab ea Scott, flaithiúil agus suarach (*mean-spirited*), maolscríobach (*slipshod*) nóiméad amháin agus cruinn cúramach nóiméad eile. Thug sé tacaíocht do chomhraic aonair (*duels*). Is uaidh a tháinig an smaoinemh do phionsóireacht beaignítí (*bayonet fencing*). Mhaslaigh sé a lán, cairde ina measc. D’éag sé an lá a thosaigh Éirí Amach 1798 agus é 59 bhliain d’aois agus tá sé curtha i Reilig Naomh Peadar i Sráid Áinséir.



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-33



TRASNA

SÍOS











1	scalded (6)	2	I defend (7)
5	call (6)	3	mouse (4)
9	physician (3)	4	fosterage (6)
11	cough (7)	5	goat (6)
12	perturbed (7)	6	ass (4)
13	soul (4)	7	city (7)
14	disease (5)	8	shale (6)
16	oak (4)	10	hug (6)
18	big (3)	15	lodging (7)
20	handful (6)	17	pus (5)
22	beetle (6)	19	tickle (5)
24	refilter (7)	21	udder (3)
25	fen (6)	22	bend (3)
26	mineral (6)	23	for (3)
29	rice (3)	25	fear (5)
31	green (4)	27	enemy (7)
33	stretched (5)	28	out (5)
34	amber (4)	29	royalist (6)
37	vision (7)	30	strike (6)
38	wonderful (7)	32	aged (5)
39	lime (3)	35	return (4)
40	sorcerer (7)	36	storm (4)
41	artisan (7)		



CUARDACH FOCAL 33

gairmeacha beatha 2 / occupations 2

L	A	Í	A	L	O	E	D	I	A	R	H	O	B	P
P	Í	O	L	Ó	T	A	A	T	Á	C	H	B	I	A
C	E	A	M	A	R	S	E	M	A	O	A	L	N	I
A	I	L	S	O	C	O	L	E	T	I	Ó	R	P	T
M	E	R	B	A	I	N	L	L	N	T	A	C	A	R
R	R	E	I	R	E	Í	A	I	E	I	L	E	I	N
I	I	R	D	A	É	L	S	S	R	C	O	O	T	Í
Ó	E	D	T	N	H	T	H	O	I	L	E	L	E	C
D	H	Á	R	H	E	Á	H	C	A	N	D	T	O	I
R	T	I	T	O	A	L	T	G	H	É	A	Ó	L	N
A	Á	A	I	U	I	L	A	B	T	T	R	I	A	I
M	T	R	L	S	O	B	Í	T	A	S	Ú	R	Í	A
A	C	S	T	E	H	R	Á	C	U	H	C	L	A	M
E	O	H	C	A	C	R	A	M	S	A	H	B	Á	G
C	E	O	L	S	C	E	R	I	A	H	T	Á	T	H

	bainisteoir (manager)		mairnéalach (sailor)
	ceamaradóir (cameraman)		marcach (jockey)
	ceoltóir (musician)		paiteolaí (pathologist)
	coslia (chiropodist)		píolóta (pilot)
	gabha (smith)		raideolaí (radiologist)
	iascaire (fisherman)		scribhneoir (writer)
	lúthchleasaí (athlete)		suathaire (masseur)
	mainicín (model)		táthaire (welder)



BUNÚS NA GAEILGE

Cecily Ní Dhonnabháin

Nuair a chruthaigh Dia an domhan, roinn Sé idir farraigí agus talamh é. Roinn Sé an talamh ina dtíortha éagsúla, agus chruthaigh sé sléibhte, gleannta, locha agus aibhneacha iontu. Ansin, chuir Dia plandaí agus ainmhithe ar an talamh, agus éisc sna farraigí. Ag an deireadh, chruthaigh Sé na daoine.

Nuair a bhí na daoine cruthaithe ag Dia, shíl Sé go mba smaoinemh maith é teanga a thabhairt dos na daoine. Thosaigh Sé ag roinnt amach na teangacha mar ba chóir: Rúisis dos na Rúisigh, Seapáinis dos na Seapánaigh, Sínis dos na Síinigh, Gréigis dos na Gréagaigh, srl. Nuair a bhí na teangacha go léir roinnte amach, tháinig na Gaeil aníos, ag feithimh. “Ó, a Thiarcais!” arsa Dia, “Rinne mé dearmad glan ar na Gaeil! Cad is féidir liom a dhéanamh?” Rinne Dia machnamh ar feadh cúpla meandar. “Tá fhios agam cad a dhéanfaidh mé”, ar Sé, “bronnfaidh mé mo theanga féin orthu”.


Agus is mar sin a fuair na Gaeil an Ghaeilge!

Mo Phaidreacha

Daoine atá tinn
 Daoine nach greideann
 Síocháin trí néatacht
 Ciúnas ag tabhairt féinmhuiníne
 Comhionannas ag cruthú áilleachta
 Áiteanna ciúin le héalú
 Áiteanna lán le hamhráin
 Le héisteacht a thabhairt ón chroí

(Feabhra 2018 Na Clocha Liatha)

Rita Ní Ghóilín



Domhnach Cásca 2018 (02-04-2018)

Nuair a tháinig mé ar ais
 Ó bheith ag féachaint ar ghrian dhearg
 Ag éirí ón bhfarraige
 Go rí-luath maidin Chásca

Bhí cór mór de phréacháin
 Ag eitilt is ag tuirlingt
 Ar chrann ard trasna ó mo theach
 Is ag canadh go rí-ard
 Ina dteanga ghrágach féin

Mar a chan cór mór iontach de dhaoine,
 Níos déanaí ag Seirbhís Ceiliúradh,
 Faoi chorp álainn Chríost
 Ag éirí ón tuama.

CROSFHOCAL BG XBG-32: RÉITEACH

1	C	2	A	P	3	A	L	4	L	5	S	C	6	I	A	7	T	H	8	B	9	A	L	T	10	S					
11	R	I	A	L	T	A	S	12	U	I	L	L	I	N	N	13	S	I	Ú	R	14	C	I	15	S	I	M	16	L	É	I
17	N	I	17	C	18	M	Á	M	19	G	I	T	20	A	L	L	T	Á	21	N	I	22	B	A	I	S	23	T	E		
24	R	A	I	M	É	I	S	25	L	26	U	A	I	T	Í	27	A	T	H	28	L	A	29	S							
30	Á	L	A	31	M	Í	R	A	32	I	C	33	B	A	34	L	L	35	F	Á	N	A	Í	36	A	N	F	A			
37	Á	E	37	C	38	T	M	38	C	D	I	39	N	Í	O	D	Ó	I	R	40	H	Ú	I	C	É	I	R				
41	I	I	41	Ú	I	R	L	A	42	A	O	N	A	R	Á	N	43	Ú	L	L	O	R	D								

CUARDACH FOCAL 32: RÉITEACH

S	C	Á	L	T	B	H	L	D	I	E	H	B	I	S
A	Í	E	D	G	Ú	L	I	M	D	R	P	E	L	E
C	O	T	A	R	A	P	L	A	O	T	Í	S	I	I
N	R	S	S	H	A	S	Í	O	T	N	C	A	C	R
Ó	A	R	B	I	M	P	A	L	A	A	G	S	A	B
L	C	A	R	D	É	C	N	I	R	É	H	Ú	E	H
É	U	E	A	I	A	B	É	O	L	I	A	G	S	E
B	S	C	É	É	L	M	I	P	É	S	T	N	P	A
L	N	Í	C	H	A	R	H	A	C	R	Ó	A	D	L
L	I	D	I	B	P	I	N	R	T	A	Í	M	Á	I
A	O	B	D	I	É	A	C	D	L	R	S	C	L	A
H	L	I	R	S	I	O	M	P	Á	L	A	P	Í	T
B	D	S	N	I	D	R	O	Ú	B	E	G	H	Ú	R
U	É	H	A	L	E	C	E	I	S	C	R	P	É	A
B	M	O	N	G	U	S	L	I	A	P	Ú	T	R	H

SEANFHOCAL

Is fearr fuilleach ná easnamh
 Better surplus than shortage

CORN AN DOMHAIN 2018


Pádraig Mac Éil

Tá súile tacadóirí sacair dírithe ar an Rúis faoi láthair, áit a mbeidh 21^ú Corn an Domhain den Chomhaontas Idirnáisiúnta Sacair (FIFA) á imirt ó 14 Meitheamh go 15 Iúil. Cáilíodh 32 fhoireann ó gach cearn an Domhain don chomórtas. Faraor níor éirigh le foireann na hÉireann bheith leo ach theip ar thíortha móra sacair mar An Iodáil agus An Ísiltír freisin. Laghdaíonn sin an spéis ata ag cuid againn san imirt ach ní stadfaidh sé na handúiligh (**addicts**) sacair ó bheith ag féachaint ar gach cluiche de na 64 a bheidh á chraoladh i rith an chomórtais. Tá dhá fhoireann ag imirt ina gcéad Chorn an Domhain. An Íoslainn (an tír is lú ó thaobh daonra riamh) agus Panama. Imreofar na cluichí i 12 staid (tógtha nó athchóirithe don ócáid) in 11 chathair agus beidh an cluiche ceannais ar siúl 15 Iúil i Staid Luzhniki i Moscó. Ceaptar gur chaith An Rúis €10 mbilliún nó níos mó ag ullmhú don chomórtas.



Roghnaíodh An Rúis ó thairiscintí iomaíocha (**competing bids**) i 2010 ach lean aighneas an chinnte le líomhaintí breabaireachta (**allegations of bribery**). Rinne Michael Garcia fiosrú inmheánach faoin scéal ach shocraigh an FIFA gan a thuairisc a fhoilsiú ina iomláine. Ní raibh gach duine sásta leis an bhfiosrú ach níor athraíodh an cinneadh. Tá an costas don tír óstach chomh hard sin anois nach bhfuil mórán tíortha aonaracha in ann tairiscint a dhéanamh a thuilleadh. Caithfear an córas a athrú sa todhchaí.

Tá liosta na ngrúpaí agus na dtíortha tugtha sa tábla agus an dá cheann as gach grúpa a cheapaim a rachaidh ar aghaidh i geló trom. Tugann an comórtas deis do na himreoirí cáiliúla stair a scríobh dá dtíortha. Uaireanta teipeann na réaltaí ar an stáitse seo. Cé ar a mbeimid ag caint ag deireadh mhí Iúil, Messi (Air), Ronaldo (Port), Neymar (Bra), Werner & Kroos (Gear), Costa (Spáinn), Jesus (Bra), Kane & Wellbeck (Sas). Neosfaidh an t-am agus an teilefiseán!



GRÚPA	TÍORTHA
A	An Araib Shádach, An Éigipt, An Rúis , Uragua
B	An Iaráin, An Phortaingéil , An Spáinn , Maracó
C	An Astráil, An Danmhairg , An Fhrainc , Peiriú
D	An Airgintín , An Chróit , An Íoslainn, An Nigéir
E	An Bhrasaíl , An Eilvéis, An tSeirbia , Cósta Ríca
F	An Ghearmáin , An tSualainn , Meicsiceo, Poblacht na Cóiré
G	An Bheilg , An Túinéis, Panama, Sasana
H	An Cholóim, An Pholainn, An tSeapáin, An tSeineagáil

